Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Óige Ildánach

# Creative Youth

## Plean chun scód a ligean le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh agus I ngach duine óg

## A plan to enable the creative potential of every child and young person

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn sa bhliain 2018 agus Gealltanais Athnuaite don bhliain 2019

## 2018 Progress Report and Renewed Commitments 2019

Is é príomh-mhaíomh an Chláir Éire Ildánach go gcuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach folláine an duine, an phobail agus an náisiúin chun cinn.

Tá an Plean Óige Ildánach ceaptha chun an méid sin a fhíorú agus deis a bhaint amach dár leanaí agus dár ndaoine óga a bheith ina saoránaigh chruthaitheacha.

Is é atá sa phíosa seo a leanas ná doiciméad oibre ina leagtar amach an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh, ina n-athchalabraítear na príomhghníomhartha a beartaíodh agus na príomhghealltanais a tugadh agus ina n-athmheasúnaítear na spriocanna a leagadh síos ar mhaithe leis an bPlean Óige Ildánach a chur chun feidhme.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an bPlean Óige Ildánach, a foilsíodh i mí na Nollag 2017.

The core proposition of the Creative Ireland Programme is that participation in cultural and creative activity promotes individual, community and national wellbeing.

The Creative Youth Plan is about realising this proposition and securing an opportunity for our children and young people to become creative citizens.

The following is a working document setting out ongoing progress, re-calibrating key actions and commitments and re-assessing targets towards the implementation of the Creative Youth Plan.

This document should be read in conjunction with the Creative Youth Plan as published in December 2017.

## Clár / Contents

Cad atá i gceist leis an bPlean / What Is It? ....................................................................1

Cén fáth / Why? ....................................................................1

Conas / How? ....................................................................2

Cé / Who?....................................................................2

Croíphrionsabail an Phlean Óige Ildánach / Core Principles of Creative Youth ........................3

An dul chun cinn go dtí seo / Progress to Date....................................................................4

Na nithe a ndíreofar orthu sa bhliain 2019 / Focus for 2019 ..................................................5

Aguisín 1 — Gealltanais Athnuaite ....................................................................6

Appendix 1 - Renewed Commitments ....................................................................16

Aguisín 2 – Sainghrúpa Comhairleach / Appendix 2 - Expert Advisory Group ........................24

## Cad atá i gceist leis an bPlean?

Foilsíodh an Plean Óige Ildánach i mí na Nollag 2017 chun scód a ligean le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh agus i ngach duine óg. Leagadh amach ann an tiomantas atá ag an Rialtas dá chinntiú go mbeidh rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc agus ar rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódúchán faoin mbliain 2022.

Agus sinn ag comhoibriú lena chéile, tá sé mar aidhm againn cabhrú le sochaí a chur chun cinn ina mbeidh an t-eolas agus an chruthaitheacht ina gcomhpháirtithe cothroma i dtaca le forbairt ár ndaoine óga sa chóras oideachais fhoirmiúil – áit ar féidir le scoileanna an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chothú sa teagasc agus san fhoghlaim ar bhealach comhtháite – agus i suíomhanna neamhfhoirmiúla agus i suíomhanna lasmuigh den scoil.

## What is it?

Creative Youth – a Plan to enable the creativity of every child and young person was published in December 2017 and stated the Government's commitment to ensuring that every child in Ireland has practical access to tuition, experience and participation in music, drama, arts and coding by 2022.

Working collaboratively, we aim to help promote a society in which knowledge and creativity are equal partners in the formation of our young people both in the formal education system — where schools can support creativity and innovation in teaching and learning in an integrated way — and in non-formal or out of school settings.

## Cén fáth?

Táimid ag tarraingt ar ré ina mbeidh orainn an t-eolas agus an saineolas a úsáid ar bhealaí nár samhlaíodh roimhe sin – teastóidh uainn na scileanna chun bheith cruthaitheach agus nuálach, chun fadhbanna a réiteach, chun obair ar bhealach comhoibríoch agus turgnamhach agus chun smaoineamh ar bhealach coincheapúil agus samhlaíoch. Tá sé tábhachtach go gcuirfí an chruthaitheacht, na healaíona agus an cultúr i gcroílár an oideachais ar mhaithe leis na scileanna sin a fhorbairt agus ar mhaithe le freagracht shóisialta agus tréithe pearsanta a bhaineann le folláine – amhail teacht aniar, comhbhá agus an cumas chun caidreamh agus cairdeas a chruthú – a spreagadh.

Trí Chairt na nEalaíon san Oideachas agus trí thionscnaimh eile, rinneadh méid ollmhór oibre tábhachtaí thar an gcúpla bliain seo a chuaigh thart chun próisis ealaíne a leabú san oideachas. Tá deis ann anois cur arís eile leis an obair sin trí thuilleadh comhoibrithe a chothú ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal údaráis áitiúil agus idir na grúpaí agus na gairmithe éagsúla atá i mbun oibre ar fud na tíre. Is é cur chun feidhme an Phlean Óige Ildánach an chéad chéim eile den phróiseas sin.

## Why?

We are entering an era when we will need to apply knowledge and expertise in previously unimagined ways – we need the skills to be creative and inventive, to solve problems, to work collaboratively and experimentally, and to think conceptually and imaginatively. Putting creativity, arts and culture at the centre of education is important in helping to develop these skills but also for encouraging social responsibility and personal qualities related to wellbeing such as resilience, empathy, and a capacity for connection and friendship.

A huge amount of important work has been carried out over the past number of years to embed the artistic processes in education, through the Arts in Education Charter and other initiatives and there is now an opportunity to build on this through greater collaboration at national level, local authority level and between the various groups and professionals operating around the country. The implementation of Creative Youth is the next stage in this process.

## Conas?

Tá ár gcuid oibre miondealaithe sna réimsí seo a leanas:

⇒ SCOILEANNA: Tionscnaimh ealaíon agus chruthaitheachta a fheabhsú i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta.

⇒ FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH DO MHÚINTEOIRÍ: Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí a mhéadú agus a fheabhsú ar fud suíomhanna bunscoile, iar-bhunscoile agus luathbhlianta.

⇒ LASMUIGH DEN SCOIL: Feabhas a chur ar chomhoibriú trasearnála chun tacú leis an gcruthaitheacht do leanaí agus do dhaoine óga sa phobal.

Comhaontaíodh roinnt gníomhartha laistigh de na straitéisí sin agus tá siad á bhforbairt, á dtriail agus á gcur i bhfeidhm ag raon comhpháirtithe agus geallsealbhóirí faoi láthair (féach Aguisín 1).

## How?

Our work breaks down as:

⇒ **SCHOOLS**: Enhancing arts and creativity initiatives in schools and early years settings.

⇒ **TEACHER CPD**: Increasing and enhancing teacher continuing professional development (CPD) opportunities across primary, post-primary and early years settings.

⇒ **OUT OF SCHOOL**: Improving cross-sectoral collaboration to support creativity for children and young people in the community.

A number of actions have been agreed within these strategies and are currently being developed, piloted and rolled out by a range of partners and stakeholders (see Appendix 1).

## Cé?

Tá raon eagraíochtaí ag gabháil do na healaíona agus don chruthaitheacht a sholáthar i scoileanna agus i suíomhanna lasmuigh den scoil. Is é Grúpa Oibre a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ón gComhairle Ealaíon a dhéanann treorú agus faireachán ar na gníomhartha atá sa Phlean Óige Ildánach. Féachann an Grúpa Oibre le cur chun feidhme an Phlean Óige Ildánach a chinntiú agus le deimhin a dhéanamh de go mbeidh na tionscnaimh uile chomh héifeachtach agus is féidir maidir le haidhmeanna foriomlána an Phlean a bhaint amach.

Tá Sainghrúpa Comhairleach, atá faoi chathaoirleacht ag an Dr Ciarán Benson, ag cabhrú le Grúpa Oibre Cholún 1 an mórchuspóir fadtéarmach atá leis an gClár Éire Ildánach a bhaint amach, is é sin: an t-oideachas cultúir agus cruthaitheachta a fheabhsú dár leanaí agus dár ndaoine óga go léir. I measc na gcomhaltaí den ghrúpa tá saineolaithe i réimse an oideachais, na cruthaitheachta agus na n-ealaíon san oideachas (féach Aguisín 2).

## Who?

A range of organisations are involved in delivering arts and creativity in schools and non-school settings. The actions in Creative Youth are being led and monitored by a Working Group made up of representatives from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, the Department of Education and Skills, the Department of Children and Youth Affairs and the Arts Council. They seek to ensure implementation and ensure that all initiatives are as effective as possible in delivering the overall aims of the Creative Youth Plan.

An Expert Advisory Group, chaired by Dr Ciaran Benson, is assisting the Pillar 1 Working Group to achieve the broader long-term objective for the Creative Ireland Programme: to enhance cultural and creative education for all our children and young people. Membership includes experts in the field of education, creativity and arts in education (see Appendix 2).

## Croíphrionsabail an Phlean Óige Ildánach

1. Baineann ríthábhacht le Guth an Linbh agus an Duine Óig: Ceann amháin de na croíphrionsabail sa Phlean is ea gur cheart éisteacht le tuairimí leanaí agus daoine óga le linn Cláir a fhorbairt agus a sholáthar araon. Is trí struchtúr Hub na nÓg a éascófar an méid sin sna gnéithe éagsúla den Phlean.
2. Comhoibriú: A bhuí leis an gcomhoibriú atá ar bun ar fud an Rialtais agus le geallsealbhóirí éagsúla, táimid ag cur le tionchar ár n-iarrachtaí aonair agus táimid ag baint na dtorthaí is fearr agus is féidir amach do leanaí agus do dhaoine óga.
3. Nuálaíocht: Tá sé tábhachtach go gcloífeadh muid leis na gealltanais fhoriomlána a tugadh sa Phlean Óige Ildánach. Táimid réidh le foghlaim agus le hoiriúnú de réir mar a chuirimid an plean sin i bhfeidhm, áfach, agus déanfaimid athruithe agus saothróimid smaointe nua ar mhaithe leis an gcleachtas cruthaitheach agus leis an smaointeoireacht chruthaitheach a chur ar aghaidh ar fud ár gcórais oideachais agus ar fud an chórais neamhfhoirmiúil araon. Táimid réidh le triail a bhaint as rudaí nua, dul sa seans agus an Clár a leathnú de réir mar a bhogaimid chun cinn le chéile.
4. Cuimsitheacht: Agus Cláir nua á gcur i bhfeidhm againn mar chuid den Phlean Óige Ildánach, cinnteoimid go rachaimid i bhfeidhm ar an oiread leanaí agus daoine óga agus is féidir, go háirithe iad sin i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus iad sin nach dtéitear i bhfeidhm orthu de ghnáth. Cloífear leis an ngealltanas sin sna gnéithe uile den Chlár.
5. Meastóireacht: Agus tionscnaimh nua á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm againn, cuirfear sásraí faireacháin láidre i bhfeidhm chun sonraí a bhailiú agus chun a chinntiú go soláthróimid tionscnaimh scothchleachtais agus go mbainfimid luach ar airgead amach. Trí na sásraí sin, beifear in ann éifeachtacht agus tionchar na dtionscnamh a thomhas agus athruithe a dhéanamh ar mhaithe le haidhmeanna an Chláir a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Beidh na sásraí sin ar bun sna gnéithe uile den Chlár.

## Core Principles of Creative Youth

1. The Voice of the Child and Young Person is vital: A core principle in the Plan is that the voice of children and young people should be heard in both the development and delivery of Programmes. Through the Hub na nÓg structure, this will be built in to the various elements of the Plan.
2. Collaboration: Working together across Government and with various stakeholders means we are increasing the impact of our individual efforts and achieving the best possible outcomes for children and young people
3. Innovation: It is important that we honour the overall commitments made in the Creative Youth Plan. We are also, however, prepared to learn and adapt as we roll out that plan, to be open to change and new ideas to progress creative practice and thinking across our education system and across the non-formal system. We are prepared to try new things, take risks and expand the Programme as we move forward together.
4. Inclusivity: We will ensure, as we roll out new Programmes as part of Creative Youth, that we reach as many children and young people as possible, especially those in disadvantaged areas and those seldom heard. This commitment will run through all elements of the Programme.
5. Evaluation: As we develop and roll out new initiatives, robust monitoring mechanisms will be put in place to capture data and ensure we are delivering best practice initiatives and value for money. These mechanisms will allow effectiveness and impact of initiatives to be measured and allow the Programme to evolve to better achieve its aims. This will be a feature of all elements of the Programme.

## An dul chun cinn go dtí seo

Bhí an bhliain 2018 ar an gcéad bhliain den Phlean Óige Ildánach agus rinneadh cuid mhór dul chun cinn lena linn:

- ◊ Rinneadh an Tionscnamh Scoileanna Ildánacha a fhorbairt, a sheoladh agus a chur i bhfeidhm ar bhonn treorach, áit a ndeachthas i bhfeidhm ar 150 scoil agus ar bhreis agus 38,000 dalta agus ar oibríodh i gcomhar le 47 gComhlach Chruthaitheacha.
- ◊ Cuireadh oiliúint iomlán i nguth an linbh a éascú ar gach duine atá páirteach sa phróiseas, rud as ar tháinig athrú bunúsach ar an gcur chuige a ghlactar i leith na dtionscadal lena mbaineann.
- ◊ Rinneadh próiseas nua um Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Boird Oideachais agus Oiliúna – fógraíodh 3 chomhpháirtíocht nua ag deireadh na bliana 2018 agus tabharfar iad isteach sa bhliain 2019/2020.
- ◊ Tugadh Clár Braislí Cruthaitheachta isteach sa bhliain 2018 agus tá 23 bhraisle ina bhfuil 71 scoil san iomlán páirteach ann anois.
- ◊ Soláthraíodh forbairt ghairmiúil leanúnach do bhunscoileanna mar Chomhpháirtíocht idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí agus cuireadh cónaitheachtaí gaolmhara ealaíontóra i bhfeidhm iontu.
- ◊ Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach in Ealaíona na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm d'iar-bhunscoileanna.
- ◊ Rinneadh lá náisiúnta na cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga a sheoladh agus a reáchtáil i ngach údarás áitiúil sa tír. Bhí Cruinniú na nÓg ar siúl an 23 Meitheamh 2018, ar lena linn a reáchtáladh níos mó ná 500 imeacht saor in aisce chun leanaí agus daoine óga a spreagadh chun bheith cruthaitheach ina bpobal féin.
- ◊ Mar chuid de Chiste Náisiúnta Cruthaitheachta, ar ciste nua é, fógraíodh 15 cinn de thionscadail do leanaí agus don óige lena dtabhairt isteach sa bhliain 2019 (lenar áiríodh tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo cuimsitheacht, inrochtaineacht agus sláinte/folláine mheabhrach a chur chun cinn).
- ◊ Cuireadh Sainghrúpa Comhairleach a bhfuil saineolas leathan aige ar bun do Cholún 1 chun tacú le hobair an Phlean Óige Ildánach agus chun cabhrú linn smaointe nua agus beartais nua a fhorbairt de réir mar a bhogaimid chun cinn.

## Progress to date

2018 represented the first year of the Creative Youth Plan and much progress was made:

- ◊ The pilot **Creative Schools Initiative** was developed, launched and rolled out reaching 150 schools, over 38,000 students and working with 47 Creative Associates.
- ◊ Full training in accessing the **voice of the child** has been provided to all involved in the process which has led to a fundamental change in approach for the projects involved.
- ◊ A new **Local Creative Youth Partnership** process was developed and rolled out in conjunction with the Education and Training Boards (ETBs) – 3 new partnerships were announced late 2018 with roll out taking place in 2019/2020.
- ◊ A new **Creative Clusters Programme** was rolled out in 2018 with 23 clusters involving 71 schools.
- ◊ Rollout of Teacher-Artist Partnership CPD and associated artist residencies for primary schools.
- ◊ Rollout of Arts in Junior Cycle CPD for post primary schools.
- ◊ A new national day of creativity for children and young people was launched and rolled out in every local authority in the country. **Cruinniú na nÓg** took place on 23rd June 2018 with over 500 free events taking place to encourage children and young people to get creative in their communities.
- ◊ A new National Creativity Fund saw 15 child and youth projects announced which will be rolled out in 2019 (which include initiatives aimed at promoting inclusivity, accessibility and mental health/wellbeing).
- ◊ Establishment of a new Expert Advisory Group for Pillar 1 with a range of expertise to support the work of Creative Youth and help us develop new thinking and new policies as we move forward.

## Na nithe a ndíreofar orthu sa bhliain 2019

Mar aon leis na gníomhartha a chur chun feidhme:

⇒ Déanfaimid scrúdú comhchoiteann ar na bealaí ina bhféadfaí cleachtais chruthaitheacha a leathnú agus a shainiú níos faide ná na healaíona ar mhaithe le héagsúlacht na gClár a mhéadú san earnáil fhoirmiúil agus san earnáil neamhfhoirmiúil araon.

⇒ Leanfaimid le dul chun cinn a dhéanamh ar threoirthionscnaimh reatha agus le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin agus leathnóimid na tionscnaimh nuair is cuí agus nuair is féidir:

- Leanfaidh an 150 scoil atá páirteach sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha faoi láthair le páirt a ghlacadh ann sa dara bliain agus rachaidh 150 scoil eile isteach sa tionscnamh. Déanfar meastóireacht chuimsitheach ar an tionscnamh.
- Tabharfar tacaíocht do na trí cinn nua de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach a gcuid pleananna a chur i bhfeidhm agus déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn le linn an Chláir.
- Leanfaidh na 23 Bhraisle Chruthaitheacha ag feidhmiú sa dara bliain agus osclófar iarratais do 21 bhraisle eile. Déanfar meastóireacht ar an tionscnamh.
- Leanfar le Music Generation a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

⇒ Cinnteoimid go bhfífidh na gnéithe uile den Chlár le chéile nuair is gá agus méadóimid an líon deiseanna atá ann comhoibriú agus líonrú a dhéanamh chun a chinntiú go n-imreoidh na gnéithe uile den Chlár an tionchar is mó agus is féidir.

⇒ Cuirfimid leis an acmhainn atá againn sonraí a bhailiú agus meastóireacht a dhéanamh ar threoirchláir agus ar threoirthionscnaimh chun a chinntiú go n-imreoidh siad an tionchar is mó agus is féidir agus go mbainfear luach ar airgead amach.

⇒ Féachfaimid le bheith ar thús cadhnaíochta na hoibre chun 'guth an linbh' a áireamh ar fud an Chláir Éire Ildánach.

## Focus for 2019

In addition to the implementation of actions:

⇒ We will collectively examine ways to broaden and define creative practices beyond the arts to increase diversity of Programmes in the formal and non-formal sectors.

⇒ We will maintain and monitor progress of current pilots and expand where appropriate and possible:

- 150 schools participating in Creative Schools will continue into a second year and an additional 150 schools will start the programme. A comprehensive evaluation of the initiative will be conducted.
- Support the three new Local Creative Youth Partnerships in the roll-out of their plans and review progress as the Programme develops.
- 23 Creative Clusters will continue into a second year and applications for up to a further 21 clusters will be opened. An evaluation of the initiative will be conducted.
- Continued rollout of Music Generation nationwide.

⇒ We will ensure that all elements of the Programme knit together where necessary and increase collaboration and networking opportunities to ensure maximum impact of all elements of the Programme.

⇒ We will increase our capacity to collect data and evaluate pilot programmes and initiatives to ensure maximum impact and value for money.

⇒ We will aim to be the leaders in including the 'voice of the child' throughout the Creative Ireland Programme.

## Aguisín 1 — Gealltanais Athnuaite

I gcás cuid mhór de na gníomhartha atá sa Phlean Óige Ildánach, leasaíodh iad agus/nó cónascadh iad le roinnt tionscnamh nua a cuireadh leis an bPlean le linn na bliana 2018/2019. Is doiciméad oibre solúbtha é seo – tabharfar i leaganacha amach anseo den tuarascáil seo an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh ar na gealltanais athnuaite atá leagtha amach thíos.

### SCOILEANNA

**Feabhas a chur ar thionscnaimh chruthaitheacha i scoileanna (Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna) agus i suíomhanna luathbhlianta chun tacú le leanaí agus le daoine óga ina gcuid foghlama agus chun cleachtais chruthaitheacha teagaisc a fhorbairt tuilleadh ar fud an chórais**

| | Cad? – Gníomh | Cén fáth? – Toradh Féideartha | Cé? |
|---|---|---|---|
| 1 | **Tionscadal Sparánachta Luathfhoghlama agus Luathchúraim** a fhorbairt mar thionscadal aonuaire do Shuíomhanna Luathbhlianta, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil, ionas gur féidir ábhair agus trealamh a cheannach.<br>♦ An tionscadal a dhearadh sa bhliain 2019<br>♦ An tionscadal a chur chun feidhme ón mbliain 2020 | ⇒ Cumasófar rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha san earnáil luathbhlianta | RLGÓ |
| 2 | An Tionscnamh **Scoileanna Ildánacha** a chur chun feidhme.<br>♦ Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa 150 scoil chruthaitheacha atá ann cheana<br>♦ 150 scoil eile a chur leis an Tionscnamh<br>♦ Athbhreithniú cuimsitheach agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar thionchar an Tionscnaimh Scoileanna Ildánacha<br>♦ Straitéis fhadtéarmach inbhuanaithe a fhorbairt chun tairbhí an Tionscnaimh Scoileanna Ildánacha a ghnóthú agus a phríomhshruthú | ⇒ Foghlaimeoidh daltaí agus múinteoirí conas is féidir leo an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na scoile<br>⇒ Beidh scoileanna in ann leas a bhaint as an gcruthaitheacht chun aghaidh a thabhairt ar thosaíocht scoile ar leith ar bhealach eile<br>⇒ Spreagfar daltaí cumarsáid agus comhoibriú a iniúchadh trí ghníomhaíocht chruthaitheach<br>⇒ Cuirfear feabhas ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ar fud an churaclaim<br>⇒ Tabharfar a ndúshlán do leanaí agus do dhaoine óga agus inspreagfar iad | An Chomhairle Ealaíon, i gcomhar le ROS, le RCOG agus le RLGÓ |

| | Cad? – Gníomh | Cén fáth? – Toradh Féideartha | Cé? |
|---|---|---|---|
| | ♦ A chinntiú go gcuirfear oiliúint ar gach Comhlach Cruthaitheach, ar gach Comhordaitheoir Cruthaitheach agus ar gach ball den fhoireann Scoileanna Ildánacha i 'nguth an linbh' a áireamh le linn cláir a fhorbairt<br>♦ Dul i dteagmháil le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le faireachán fadtéarmach agus maidir le meastóireacht fhadtéarmach | ⇒ Tabharfar ról do leanaí agus do dhaoine óga le linn an clár a fhorbairt<br>⇒ Cuirfear feabhas ar fhorbairt chognaíoch, shóisialta agus phearsanta | |
| 3 | An **<u>Scéim Braislí Cruthaitheachta do Scoileanna</u>** a fheabhsú agus a leathnú<br>♦ An tionscnamh a leathnú trí suas le 21 bhraisle eile a chur leis<br>♦ Scrúdú agus faireachán a dhéanamh ar thionchar agus ar chur i bhfeidhm na mBraislí Cruthaitheachta<br>♦ Scrúdú a dhéanamh ar na trasnaisc a d'fhéadfadh a bheith ann idir an scéim seo agus Scoileanna Ildánacha agus gníomhartha forbartha gairmiúla leanúnaí<br>♦ Bunachar sonraí tionscadal a fhorbairt<br>♦ Breithniú a dhéanamh ar oiliúint a chur ar éascaitheoirí braisle i 'nguth an linbh' ionas gur féidir é a ionchorprú go comhsheasmhach ar fud na ngníomhartha difriúla | ⇒ Taispeánfaidh scoileanna atá páirteach i mBraislí Cruthaitheachta conas is féidir leis an gcruthaitheacht tacú le scoileanna obair le chéile chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna foghlama<br>⇒ Oibreoidh scoileanna le chéile chun tacaíocht a thabhairt dá chéile a gcuid pleananna cruthaitheachta féin a fhorbairt<br>⇒ Cruthófar fóram ag a bhféadfar smaointe dea-chleachtais agus acmhainní a chomhroinnt le mórphobal scoile<br>⇒ Cuirfear fuinneamh i scoileanna agus cabhrófar leo obair le chéile ar thionscadail éagsúla | ROS |

| | Cad? – Gníomh | Cén fáth? – Toradh Féideartha | Cé? |
|---|---|---|---|
| 4 | Scrúdú a dhéanamh ar an nglacadh le **códúchán agus le smaointeoireacht ríomhaireachtúil** agus ar an tionchar atá acu sna réimsí seo a leanas:<br>♦ Leibhéal na Bunscoile<br>♦ An tSraith Shóisearach<br>♦ An tSraith Shinsearach<br>Scrúdú a dhéanamh ar an méid tacaíochta forbartha gairmiúla a thugtar do mhúinteoirí ina leith sin agus ar thionchar na tacaíochta sin.<br>Tá sé i gceist go soláthrófar an tsonraíocht ar feadh 180 uair d'am teagmhála ranga thar dhá bhliain na Sraithe Sinsearaí. | ⇒ Beidh daltaí in ann fadhbanna a cheapadh go loighciúil, cóid a dhearadh, a scríobh agus a thástáil agus cluichí, aipeanna, beochaintí agus suíomhanna Gréasáin a fhorbairt agus foghlaimeoidh siad faoin eolaíocht ríomhaireachta le linn na ngníomhaíochtaí foghlama sin.<br>⇒ Foghlaimeoidh daltaí eochairscileanna, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas; smaoineamh ar bhealach cruthaitheach agus criticiúil; agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun inneachar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt. | ROS |
| 5 | Tacú leis an gClár **Páirtíocht Chruthaitheach,** mar a chuireann Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí i bhfeidhm é<br>♦ Bunachar sonraí na scoileanna atá páirteach sa Chlár seo a chruthú<br>♦ Dul i dteagmháil le Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí maidir le sineirgí leis an gClár Scoileanna Ildánacha agus maidir leis na ceachtanna a fhoghlaimítear ón dá chlár | ⇒ Gnóthóidh daltaí scileanna nua trí thionscadail a bhaineann leis an amharclannaíocht, leis an scannánaíocht, leis an dealbhóireacht agus leis an gceol<br>⇒ Forbrófar caidreamh le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha | RCOG agus ROS (i gcomhar le Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí) |
| 6 | Scrúdú a dhéanamh ar **thionscnaimh nua a bhfuil mar aidhm leo cur le héagsúlacht na gníomhaíochta cruthaithí** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus na tionscnaimh sin a chur ar aghaidh (e.g. an treoirthionscnamh um Chamáin go Cuadrataigh a leathnú go Gaillimh agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscnaimh) | ⇒ Beidh éagsúlacht mhéadaithe ann sna deiseanna a bheidh ag daltaí agus ag múinteoirí tabhairt faoi ghníomhaíocht chruthaitheach | RCOG agus geallsealbhóirí tábhachtacha eile |

## FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH DO MHÚINTEOIRÍ

**Deiseanna oideachais mhúinteoirí a mhéadú agus a fheabhsú ar fud suíomhanna bunscoile, iar-bhunscoile agus luathbhlianta agus tionchar na ndeiseanna sin a thomhas**

| | Cad? – Gníomh | Cén fáth? – Toradh Féideartha | Cé? |
|---|---|---|---|
| 7 | **Forbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don oideachas luathbhlianta** chun tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí an luathoideachas ealaíon a fhorbairt do leanaí óga i suíomhanna luathbhlianta.<br><br>**Céim 1: 2019**<br><br>♦ Taighdeoir a bhfuil taithí fhairsing aige/aici i réimse na luathbhlianta a fhostú chun tabhairt faoi thaighde tosaigh a mbeidh mar aidhm leis sainaithint agus forbairt a dhéanamh ar na prionsabail, na treoirlínte agus na cleachtais teagaisc a bheidh mar bhonn faoin mbuneolas a bheidh ag cleachtóirí maidir leis an luathoideachas ealaíon a fhorbairt do leanaí óga.<br><br>♦ Grúpa Oibre a chuimseoidh ionadaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón gComhairle Ealaíon agus ó Chigireacht Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna a thionól. Áireofar iad seo a leanas leis na príomhcheisteanna a ndéanfaidh an Grúpa Oibre iniúchadh orthu:<br><br>  ♦ An ról atá ag na healaíona maidir le forbairt le linn na luathóige<br><br>  ♦ An ról atá ag na healaíona maidir le Straitéis an Chéad 5<br><br>  ♦ An cuspóir atá leis na healaíona sa Luathfhoghlaim agus sa Luathchúram | ⇒ Beidh taighde láidir mar bhonn faoin gcleachtas cruthaitheach san oideachas luathbhlianta<br><br>⇒ Thar shaolré an Chláir Éire Ildánach, déanfar an oiliúint i scileanna cruthaitheacha a fheabhsú i gcomhpháirt le healaíontóirí i ndisciplíní éagsúla, lena n-áireofar cleachtóirí agus daltaí luathbhlianta, cúramóirí agus tuismitheoirí | RLGÓ |

| | Cad? – Gníomh | Cén fáth? – Toradh Féideartha | Cé? |
|---|---|---|---|
| | ♦ (Próiseas an oideachais ealaíon sa Luathfhoghlaim agus sa Luathchúram<br>♦ Na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le húsáid a bhaint as na healaíona agus as an gceardaíocht sa Luathfhoghlaim agus sa Luathchúram<br>♦ An ceangal idir na healaíona agus Síolta agus Aistear<br>♦ An ceangal idir na healaíona agus an súgradh<br><br>**Céim 2: 2019** - Bunaithe ar an toradh ar an taighde sin, obair i gcomhar le healaíontóirí, le gairmithe cruthaitheacha agus le leanaí chun cabhrú leis an gcéad chéim eile den phróiseas a fhorbairt.<br><br>**Céim 3: 2020/2022** - Bunaithe ar an taighde, forbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don oideachas luathbhlianta, áit a gcothaítear prionsabail, treoirlínte agus cleachtais oideolaíocha a thugann tacaíocht leathan do chleachtóirí an luathoideachas ealaíon a fhorbairt do leanaí óga i suíomhanna luathbhlianta. | | |
